# Guth Ghoill

Luach € 2.00






**Déan teagmháil linn:**

**Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.**

**Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

# AN CLÁR

Corrán Binne 1

Baile Fearainn Chluain tSaileach 3

Caitlín Uí Mhaoileoin 7

Na Póilíní agus Déanamh Poitín 10

Cumann Gailf Ros na Binne 12

Imeachtaí Chéim Aniar

Féile Chéim Aniar 2012 13

Cinderella i gColáiste Ros Goill 15

Ceardlanna Ceardaíochta 16

Feadaímó 17

Gairdín Eco do Scoil Naomh Bríd
Naíonra Dhuibhlinn Riabhach 19

Naíonra na nDúnaibh 20

© Céim Aniar Teoranta

# *Baile Fearainn Chluain tSaileach.*



Tá baile fearainn Chluain tSaileach, a bhfuil cósta aige leis an Mhaol Ruaidh ina luí faoi scáth Gháinne Mór ar an taobh thoir de leithinis Ros Goill. Tá cúig bhaile fearainn eile ar an teorainn leis: Míobhaigh, An Mhachaire Bhig, An tArd Bán, Dumhaigh agus Dún Dumháin Uachtarach. Tá an Chloich Bháin mar pháirt de bhaile fearainn Chluain tSaileach.

Lá den tsaol bhí Oifig Poist i gCluain tSaileach, oifig poist a chuaigh siar níos faide ná an chuimhne is faide siar atá ag an mhuintir is sine ar an bhaile. Ba seo an áit a raibh siopa ag Maggie Cháitríona (Maggie Boyce) fosta ach tá an siopa agus Oifig an Phoist druidte le fada an lá agus Maggie í fhéin ar shlí na fírinne. Bhí pearsantacht tharraingteach ag Maggie, greannmhar in amanna, teanga ghéar in amanna agus corr mhallacht fosta, ach a Dhia thar aon rud eile ba í a bhí flaithiúil, go háirithe le páistí. Is iomaí crág mhór losainséirí a shíneadh sí trasna an chúntóir chuig tachráin a mbíodh an teanga crochta leo ag amharc ar na jaranna móra de losainséirí a bhíodh ina suí ar na seilfeanna dorcha. Nach í a bhí tuisceanach le linn blianta an anáis?

Bhí siopa eile i gCluain tSaileach fosta, bhí sé suite ansin ag barr bhealach na Cloiche Báine, seo siopa a bhí ag Tony Bhrianaí Thuathail (Mac Giolla Bhríde). Tógadh an siopa seo ag tús na ndaicheadaí ach is fada an lá an siopa seo druidte fosta agus Tony fosta ar shlua na marbh. Ní amháin go raibh siopa ag Tony ach b'fhear tacsaí a bhí ann fosta. Bhí ráchairt mhór ar charr tacsaí na blianta sin nuair a bhí muid óg, go díreach mar atá sa lá atá inniu ann agus chan le daoine a thabhairt go dtí an teach óstais! Sna glúnta a chuaigh romhainn bhí daoine thar a bheith dílis dá gcreideamh agus chaithfeadh siad a gcuid dualgais a chomhlíonadh - Aifreann Domhnaigh, Faoisidin agus an Chéad Aoine, gan trácht ar na hócáidí breise ag an Nollaig, an Cháisc, an Charghas agus fosta laethanta saoire Eaglaise. Cha raibh mórán tithe a raibh carr ina shuí ar an tsráid ná ag tóin an tigh acu mar atá sa lá atá inniu ann agus má bhí siúl fada 'un íochtair, nach raibh an siúl 'un uachtair achan phioc chomh fada, go háirithe ar feadh na mblianta sin sular tógadh an teach pobail ag bun Gáinne.

Bhí teach óstais ar an bhaile fosta a chuaigh siar blianta fada, mar a bhí Teach Bhella. Tá an teach óstais seo i seilbh Mhicheál Uí Dhochartaigh anois agus is ann a gheobhaidh tú béile den scoth agus do sháith le hól. An Síbín Ceoil a ghlaoitear air anois agus is dócha gur fóirsteanach an t-ainm é mar gur dócha gur síbín a bhí ann an chéad lá ariamh.

Na sloinnte a bhí coitianta ar an bhaile seo



corradh agus céad bliain ó shin ná: Mac Giolla Bhríde, Ó Gallchóir, Mac Daibhéid, Ó Frighil agus Ó Buaidhe. Deir siad go n-imíonn na daoine ach go bhfanann na cnoic, bhuel d'fhan na sloinnte i gCluain tSaileach fosta mar go bhfuil na sloinnte coitianta sin a bhí ann céad bliain ó shin breá láidir ar an bhaile go fóill. Cuirfidh sibh sonrú sa sloinneadh sin Ó Frighil mar nach raibh sé róchoitianta fán cheantar ach ba sin an sloinneadh a bhí ar mháthair mhuintir Phadaí Mhór a raibh cónaí orthu sa teach breá sin trasna ó Oifig an Phoist.

Ceithre theaghlach déag ar fad a raibh cónaí orthu ar an bhaile fán am sin agus bhí céad duine sa cheithre theaghlach déag seo. Dhá bhliain déag agus tri fichead ina dhiaidh seo, fán bhliain 1972, ceithre theach déag a bhí ar an bhaile fosta ach is cinnte nach raibh an oiread céanna daoine in achan teach mar go raibh líon na ndaoine ar an bhaile titithe go dtí 43, triúr ar an mheán in achan teach. Cha raibh mórán d'athrú ar líon na ndaoine fán bhliain 1986 mar gur 49 duine a bhí beo ar an bhaile.

Má amharcann muid ar dhaonáireamh na bliana 2011 tchífidh muid nach bhfuil mórán d'athrú ar an bhaile ón bhliain 1986, taobh amuigh de na tithe saoire.

Cúig theach déag atá ag bunadh na háite ar an bhaile anois agus daonra de 39, laghdú de dheichniúr ón bhliain '86. 'Sé an t-athrú is mó atá ar an bhaile ná go bhfuil chóir a bheith an oiread de thithe saoire is atá de thithe bhunadh na háite, tá ceithre cinn déag acu sin ann. Maidir leis na tithe atá folamh nó ina bhallóga tá seachtar acu sin ann.

Tá argóint láidir ann go bhfuil seanreilig Mhíobhaigh taobh istigh de chríocha Chluain tSaileach. Fágfaidh mé ag Dinis Dhonchaidh Mhíchíl, ag Proinsí, ag Joe Ghracie agus ag Neidí John Pheigí an cheist seo a réiteach dúinn, é a dhearbhú nó a bhréagnú! Más fíor é, thig a rá go bhfuair slua mór daoine as achan chearn, suaimhneas agus síocháin ón tsaol i gcluain na saileoige.

Tá muid anois ag dul a thabhairt amharc ins na chéad eagráin eile de Ghuth Ghoill ar na glúnta agus an mhuintir a chuaigh romhainn agus a rinne cónaí i mbaile fearainn Chluain tSaileach.

## Muintir Mhicí Bán.

Rugadh Micheál Ó Gallchóir, nó Micí Bán mar ab fhearr aithne air in 1864, an duine ab óige d'ochtar clainne - Donchadh, John, Edward, Jamie, Antoin, Micheál, Cití agus Ellen. Donchadh Ó Gallchóir as Creamhghort ab ea a

athair agus ba Máire Ní Oireachtaigh as an Ghlíob a mháthair.

Iascaire a bhí in Micí Bán ach chaith sé tréimhsí ag dul d'obair fheirmeoireachta comh maith. In 1892 phós sé Nancy Nic Giolla Bhríde as an Chloich Bháin, iníon le Micheál Mac Giolla Bhríde agus a dhara bean, Madgie Ní Ghallchóir as an Chloich Bháin. Bhí ceathrar deartháir ag Nancy; Donchadh, John, Micí agus Paidí, agus deirfiúr amháin, sin Rosie.

Seachtar clainne a bhí ag Micí agus Nancy ach fuair beirt acu bás ina n-óige. Bhí Dinis (1893),



*Paidí Mhicí Bán agus Annie Mhicí John lá a bpósta.*

Máire (1899), Paidí (1901), Rosie (1905) agus James (1908) ann. Fuair Micí bás sa bhliain 1913 nuair nach raibh sé ach daichead is a naoi bliain d'aois agus fágadh Nancy ina baintreach le teaghlach óg. Fuair a iníon Rosie bás agus gan í ach ocht mbliana déag agus fiche. Fuair Nancy í fhéin bás sa bhliain 1944 ag aois a ceithre bliana déag agus trí scór.

Ba Dinis agus Máire an bheirt ba sine agus bhí siadsan sa bhaile i gcónaí i gCluain tSaileach. D'oibrigh Máire ar feadh tamaill i monarchan chniotála Mhic Fhloscaí i gCarraig Airt agus chaith Dinis a chuid ama ag iascaireacht agus ag feirmeoireacht. Siúnéir den scoth a bhí in Paidí, deireadh Madgie Dochartaigh (James Antoin) i gcónaí gur Paidí Mhicí Bán a rinne a trunc dithe nuair a shocraigh sí a dhul go Meiriceá. Bhí sé pósta ar Annie Nic Giolla Bhríde (Annie Mhicí John) as Gort na Luchóg. Gúnadóir (dressmaker) a bhí in Annie agus d'oibrigh sí amach as an teach i gCluain tSaileach ar feadh tréimhse. D'oibrigh Paidí in Albain agus i mBaile Átha Cliath agus ansin shocraigh an teaghlach i Leitir Ceanainn. Thóg sé teach breá dó fhéin agus dá theaghlach i mBaile Raithin i Leitir Ceanainn sna caogaidí ach ar an drochuair chan fhuair Paidí an deis an chuid eile dá shaol a chaitheamh sa teach breá a thóg sé. Fuair Paidí bás ar an cheathrú lá de mhí na Nollag 1965 agus gan é ach na ceithre bliana agus trí scór. Triúr clainne a bhí ag Paidí agus Annie: Gerard, Annemarie agus Eileen, ach fuair beirt acu, sin Gerard agus Annemarie bás agus iad ina dtachráin. Múinteoir scoile a bhí in Eileen agus phós sí an t-ealaíontóir, Cathal Mac Fhionlaoich. Rinne siad cónaí i Leitir Ceanainn, áit ar thóg siad clann mhór.

Ba é James an duine ab óige den teaghlach agus ba siúinéir a bhí in James fosta. Chaith sé tréimhsí ag obair in Albain agus sa Bhreatain Bheag. Pósadh in Albain é ar Mhaggie Ní Ghallchóir as an Raplach. Rinne siad cónaí in Umlach i gCarraig Airt áit a raibh beirt chlainne acu, Margaret agus Geraldine. Tá an bheirt acu pósta agus ag tógáil clann, Geraldine i Mainéar Uí Chuinneagáin agus Margaret i gCarraig Airt.

Fuair Dinis, Paidí agus James bás taobh istigh de dheich mí dá chéile. Fuair Dinis bás ag deireadh an Fhómhair, am bhaint na bprátaí. Bhí Máire abhus i siopa Mhaggie Cháitríona (Maggie Boyce) agus d'fhiafraigh sí do Joe Ghracie an bhfaca sé Dinis, go raibh sé sa chuibhreann ag baint phrátaí. Is cosúil nach raibh sí ábalta é a fheiceáil. D'imigh



*James Mhicí Bán*



*Sa phictiúr seo a glacadh taobh amuigh den seanteach i gCluain tSaileach i 2005 tá garchlann James.*
*Ó chlé, ar cúl tá Rita, Ailín, Fíona agus Clár agus chun tosaigh tá Seán, Máiread agus Sharon.*

Joe go bhfeicfeadh sé agus nuair a d'amharc sé isteach thar chlaí an chuibhrinn bhí Dinis ina luí ansin. D'fhiafraigh Joe dó caidé bhain de agus dúirt sé leis gur dódh croí a bhuail é. Scairt Joe ar chuid de na comharsana, Dinis Phadaí Mhór agus Nochaí Boyce, agus thóg siad é isteach 'un tí. Tháinig an dochtúir, cuireadh fá choinne an otharchairr agus tugadh Dinis 'na hotharlainne, ach ar an drochuair fuair Dinis bocht bás ar an bhealach.

Tá mé cinnte go raibh a shíocháin déanta go maith aige le Dia mar go raibh sé ag an tsagart agus ag an Aifreann an mhaidin sin; bhí na "stations" tigh John Dhonchaidh Mhíchíl (Mac Giolla Bhríde). Dhá bhliain déag agus trí scór a bhí sé.

Luaigh mé go bhfuair Paidí bás i Leitir Ceanainn tuairim is sé seachtaine 'na dhiaidh sin agus fuair James bás ar an chúigiú lá déag de Lúnasa an bhliain ina dhiaidh sin, 1966 agus gan é ach ocht mbliana agus leathchéad.

Dár ndóigh bhí muintir Mhicí Bán muinteartha do mhuintir Dhonchaidh Mhíchíl, bhí Nancy, bean Mhicí Bán ina deirfiúr ag Donchadh Mhíchíl. Deir Proinsí (John Dhonchaidh Mhíchíl) go raibh James i gcónaí iontach maith dósan agus é ina ghasúr, gur ghnách leis nóta punta a thabhairt dó i gcónaí aimsir na Nollag agus ba shuim bhreá airgid é nóta punta san am sin.

Fuair Máire, an duine deireanach den teaghlach, bás sa bhliain 1979. Bhí an teach díolta ag Máire sula bhfuair sí bás.

Tógadh teach Mhicí Bán ag tús an chéid dheireanaí, teach breá a raibh stór go leith ann agus díon sclátaí air. Bhí na seanbhallóga ansin ar feadh tamaill fhada go dtí gur leagadh iad traidhfil blianta ó shin le réiteach a dhéanamh don teach úr a thóg Tony agus Fiona Pasoma ar an suíomh chéanna. Ba dheas an rud é nár leagadh an shed a thóg James Mhicí Bán na blianta sin fad ó shin agus tá na crainn ghiúise a chuir sé in aice an tí ag tabhairt foscaidh ansin go fóill, iad ina seasamh go maorga thuas ar thaobh an chnoic ós cionn Chluain tSaileach.

*Beidh tuilleadh faoi Chluain tSaileach sa chéad eagrán eile.*



*Teach Mhicí Bán*

## SEANFHOCAL

*Níl ciall de shamhnas ag an ocras*

# Caitlín Uí Mhaoileoin.



Ar an dara lá de mhí na Nollag a d'fhág Caitlín Uí Mhaoileoin slán leis an tsaol seo. Bhí sí san otharlann ar feadh tréimhse agus throid sí cath cruaidh cróga ach ar deireadh cha raibh de rogha aici ach géilleadh do ghlaoch an bháis. Ba dheas an rud é go raibh a clann timpeall uirthi do na huaireanta deireanacha dá saol. Bhí ard-mheas aici orthu agus bhí sí thar a bheith bródúil astu -- an chlann, ceoltóirí óga Ghoill, ar thug sí fhéin agus a fear céile Brian meas agus dúil sa cheol dóibh agus a thóg a croí go rímhinic ina saol le linn dóibh a bheith ag cur anam agus fuinneamh sa cheol traidisiúnta, a bhí sa dúchas acu fhéin, agus ar éirigh leo a chur ar aghaidh go cumasach chuig an chéad ghlún eile.

Rugadh Caitlín i mBéal Feirste sa bhliain 1940 agus ba sa chathair sin a tógadh í. Taobh amuigh de chorr abairt agus de chorr bheannacht cha raibh Gaeilge ar bith ag a muintir ach ba iad a spreag a grá don Ghaeilge. Tugadh spreagadh di fhéin, dá beirt dheirfiúr agus dá beirt dheartháir an Ghaeilge a fhoghlaim agus meas agus grá a thaispeáint don teanga i gcónaí. Chuaigh sí fhéin agus a deirfiúr go scoil Naomh Antoin áit a raibh dearcadh iontach Gaelach ag na múinteoirí agus mar a dúirt Caitlín féin ina hagallamh le Fiona Pasoma sa bhliain 2005 'bhí cuid mhaith ag brath ar dhearcadh na múinteoirí agus le bheith fírinneach tá an rud céanna fíor inniu, dá mbeadh na múinteoirí uilig chomh lán de dhíograis agus a bhí na múinteoirí áirithe sin bheadh an Ghaeilge i bhfad níos sláintiúla inniu'.

I ndiaidh di an scoil a fhágáil fuair sí post mar stáit seirbhíseach in Oifig na Cánach i mBéal Feirste. De thairbhe go raibh an oiread sin suime ag a hathair sa Ghaeilge bhí sé i gcónaí ag moladh dóibh freastal ar ranganna oíche Gaeilge a bhíodh a reáchtáil ag an am, sa dóigh nach ndéanfadh siad dearmad de cibé Gaeilge a d'fhoghlaim siad ar an scoil. Bhí ranganna Gaeilge a reáchtáil ar Bhóthar na bhFál ag an am ag dream a raibh 'Caomhnóirí na Gaeilge' orthu. Ba anseo a chas sí lena fear céile Brian Ó Maoileoin, duine de na múinteoirí agus duine de bhunaitheoirí na heagraíochta. Bhí Caitlín seacht mbliana déag ag an am. Ba ghnáth le Caitlín a theacht chun na Gaeltachta nuair a bhí sí óg. Ba go Rann na Feirste a thagadh sí go minic ach bhí sí i nGort a' Choirce ar feadh cúpla bliain chomh maith. Ba ghnáth leo a theacht ar an traein san am sin ó Bhéal Feirste go Leitir Ceanainn. Ansin dhéanfadh siad a mbealach go dtí an chearnóg i Leitir Ceanainn, áit a mbeadh busanna ag fanacht le hiad a thabhairt go dtí cibé ceantar Gaeltachta a raibh siad ag dul ann. Bhí sé de ghnás ag Brian a theacht go Ros Goill i gcónaí, bhí suim mhór aige sa cheantar agus chuir sé aithne ar mhuintir na háite de réir a chéile. Agus as



siocair é a bheith ag teacht ar ais bliain i ndiaidh bliana méadaíodh ar an aithne sin agus bhí a chroí sa cheantar.



Ba ghnáth léi fhéin agus le Brian a theacht go Tír Chonaill achan bhliain ar laethanta saoire sular pósadh iad. Théadh sise go Rann na Feirste agus ba ghnáth le Brian a theacht go Ros Goill. Naoi mbliana déag a bhí sí nuair a thug sí cuairt ar Ros Goill don chéad uair agus tháinig sí achan bhliain ina dhiaidh sin go dtí'n bhliain 1968. Cúpla bliain i ndiaidh a céad cuairt go Ros Goill phós sí fhéin agus Brian agus phill siad ar Ros Goill achan bhliain leis an teaghlach de réir mar a tháinig siad ar an tsaol.

***Kenya.***

Ba sa bhliain 1968 a d'imigh siad go Kenya, áit ar chaith siad trí bliana ann. Tréimhse aoibhinn álainn ina saol a bhí ann, áit a raibh cónaí orthu i dtír na Masai - daoine uaisle lán de chultúr. Bhí a fhios acu san am sin, agus bhí rún acu i gcónaí ó chuir siad aithne ar a chéile, go raibh siad le buanchónaí a dhéanamh ina dhiaidh sin i gceantar Ros Goill ach ba mhian leo beagán taistil a dhéanamh roimhe sin.

***Ros Goill.***

Tháinig Clann Uí Mhaoileoin go Ros Goill le buanchónaí a dhéanamh ann sa bhliain 1971 agus thóg siad teach cónaí ar an Mhuirleog. Mar atá fhios ag an saol mór bhí a gcroí sa teanga agus sa chultúr agus is cinnte go raibh meath na teanga sa cheantar Gaeltachta seo ag goillstin go mór orthu. Shocraigh siad ar iarrachtaí a dhéanamh rudaí a athrú ach ar an drochuair don cheantar tugadh an chluais bhodhar dóibh agus ba mhór an truaighe é sin. Níl fhios agam an rud é nár thuig na daoine caidé a bhí i gceist ag Brian nó an rud é nach raibh sé fhéin sásta go raibh rudaí ag tarlú gasta go leor ach is cinnte gur thit an síol ar thalamh a bhí thar a bheith doicheallach. Lena chois sin bhí fórsaí cumhachtacha sa cheantar ina gcoinne. Scéal mór é seo ach scéal do lá eile.

Is cuimhin liom Caitlín ag rá liom i ndiaidh cruinniú de chuid Céim Aniar oíche amháin, 'Nach seo an cineál ruda a bhí mé fhéin agus Brian ag iarraidh tús a chur leis sna seachtóidí'? D'aontaigh mé go hiomlán léithe mar go raibh an ceart aici dár ndóighe, bhí muid ag caint faoi dheich mbliain agus fiche roimhe sin, cha raibh cúrsaí Gaeilge ag an am chomh tráite agus atá siad anois. Cailleadh deis iontach.

***Cúrsaí Ceoil.***

Bhí Brian agus Caitlín iontach ceolmhar. Bhí Brian thar a bheith cumasach ar an fheadóg stáin, go speisialta na foinn mhalla agus na hamhráin. Ba amhránaí a bhí i gCaitlín ó bhí sí an-óg. Bhí sí fhéin agus deirfiúr léi, sin Máire, mar phríomh amhránaithe ban i gCór Eaglasta Naomh Maitiú agus iad ina ndéagóirí. Bhí clú agus cáil ar an chór seo ar fud Bhéal Feirste. Rinne siad an Messiah agus ceol eile den tsórt sin ag na hócáidí móra eaglasta le linn na bliana. Bhí an cór dírithe isteach ar na hamhráin dhiaga a chuaigh le cibé ócáid a bhí i gceist. Ba amhránaí a bhí i máthair Chaitlín agus mar sin de chuaigh an tsuim sa cheol siar fríd na glúnta. Nuair a bhog siad go Kenya bhí Caoimhe, an duine ba sine den chlann, sé bliana d'aois agus Pádraig cúig bliana d'aois an lá a bhain siad Kenya amach. Bhí Brian Óg chóir a bheith cúig bliana d'aois agus Máire Bheag dhá bhliain go leith. Rugadh Bríd an bhean ab óige cúig seachtaine i ndiaidh dóibh an tír a bhaint amach. Ba ghnáth le Brian na páistí a thabhairt ar a ghlúine, bhíodh feadóg aige agus shéidfeadh siadsan isteach san fheadóg agus dhéanfadh Brian na méara dóibh. Bhí ceol i gcónaí a bhuaileadh sa teach agus bhí an-dúil acu ann. Bhí siad go mór istigh sa cheol traidisiúnta agus le linn dóibh a bheith san Aifric bhí siad ag dul de cheol na hAifrice, gan trácht ar cheol chlasaiceach. Cha raibh dóigh ar bith nach mbeadh ceol ar a dtoil acu de thairbhe an timpeallacht inár tógadh iad.

Mar amhránaí bhain Caitlín go leor duaiseanna agus dár ndóighe bhí cúpla ceann speisialta ann. Bhí sí thar a bheith bródúil agus an ceart sin aici gur bhain sí Comórtas na mBan ag Oireachtas na bliana 1993 i nGaillimh. Bhain sí



*In Iowa i 1978 nuair a bhí an teaghlach ann mar ambasadóirí ceoil.*

Corn fosta ag Oireachtas an Daingin an bhliain roimhe sin.

Lena chois sin chaith Brian a shaol ag scríobh. Dúirt Caitlín gur scríbhneoir ildánach a bhí ann - úrscéalaí, gearrscéalaí, drámadóir agus file a bhí ann. Fuair ceann de na drámaí a scríobh sé ‘Caidrimh’, an chéad duais i gcomórtas darbh ainm ‘The Samuel Ferguson Award’. Ba mhór an onóir dó é seo mar gurbh é seo an chéad dráma i nGaeilge a chur BBC Tuaisceart Éireann amach ariamh. Bhí sé breá bródúil as an duais seo a fháil mar go raibh scríbhneoirí cumasacha istigh ar an chomórtas, naonúr déag ar fad. Bhí sé iontach ábalta mar scríbhneoir, go príomha mar fhile. Tá leabharlann in Áras Ros Goill agus mar chuid den leabharlann tá roinn speisialta de leabhartaí Gaeilge ann. Bhí neart leabhartaí ag Brian a chruinnigh sé le linn a shaoil agus tá muid buíoch do Chaitlín as ucht cuid mhaith de na leabhartaí sin a thabhairt don leabharlann, gan trácht ar chuid leabhartaí Bhrian fhéin. Tá muid faoi chomaoin ag Caitlín as sin a dhéanamh.

Chaith Caitlín tréimhsí dá saol ag déanamh cineálacha éagsúla oibre. Bean éirimiúil a bhí inti agus chaith sí ceithre bliana in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag déanamh cúrsa aistriúcháin sa Fhraincis agus sa Spáinnis, ba seo ó 1998 go 2002. Mar gheall ar go raibh sé teanga bhunaithe b’éigean di bliain a chaitheamh thar lear, mar sin de chaith sí an tríú bliain den chéim sa Spáinn in Ollscoil Granada i ndeisceart na tire agus thaitin seo go mór léithe. Mheas sí fhéin gurb é an bhliain thar lear ceann de na rudaí is mó a mheall í leis an chéim áirithe sin a dhéanamh! Chaith Caitlín cúpla bliain ag obair le Céim Aniar fosta agus is cinnte gur thaitin sin go mór léi. Cha raibh ócáid ar bith a bhain le cúrsaí teanga ná cúrsaí cultúir nach mbeadh Caitlín le feiceáil aici, corruair ag cuidiú, corruair ag glacadh páirt.

***Ceoltóirí Ghoill.***

Ba ghrúpa óg den scoth ab ea Ceoltóirí Ghoill, bhí binneas agus brí ina gcuid ceoil. Ba mhór an éacht a bhí dófa an Príomh Chomórtas do Ghrúpaí ceoil a bhaint i bhFéile Náisiúnta Leitir Ceanainn agus iad chomh hóg sin. Dar ndóigh nuair a bhí Ceoltóirí Ghoill i mbarr a réime b’éigean dóibh cuid mhór taistil a dhéanamh ó cheann ceann na tíre, go dtí na hoileáin Albanacha, an Bhreatain Bheag, fríd an Eoraip agus amach go Meiriceá fosta. Ba mhór an t-ualach agus an brú a bhain le seo.
Tá Brian agus Caitlín anois ar shlí na fírinne, go ndéana Dia trócaire orthu ach tá Ceoltóirí Ghoill fágtha go fóill. Nárbh dheas an rud é dá dtiocfadh Caoimhe, Pádraig, Brian Óg, Máire agus Bríd le chéile arís agus an fhuaim bhinn bhríomhar bheomhar sin a bheith le cluinstin arís ón Mhuirleog agus é a spréadh amach ó cheann ceann na tíre. Is iomaí rud ab iontaí!



*Sa chearnóg i Leitir Ceanainn i 1979 nuair a bhain Ceoltóirí Ghoill an Phríomh Chomórtas do ghrúpaí ceoil i bhFéile Idirnáisiúnta Leitir Ceanainn.*

Dhéanfar Caitlín a chrothnú go mór fán cheantar. Bean uasal séimh, síochánta, lách, cairdiúil agus múinte. Bean a raibh a croí sa teanga agus sa chultúr agus nár ghéill. Ar dheis lámh Dé go raibh a hanam dílis.

* * *

# Na Póilíní agus Déanamh Poitín.

Chaith Sir Robert Peel tréimhse cúig bliana mar Phríomh-Rúnaí sa tír seo (1812-1818) agus dhá thréimhse éagsúla mar Phríomh-Aire ar an Bhreatain Mhór (1834-1835, agus 1841-1846). Ba le linn a thréimhse mar Phríomh-Rúnaí sa tír seo, sa bhliain 1814, a chuir sé ar bun an chéad fhórsa a dtiocfaí póilíní nó gardaí a thabhairt orthu. Ba seo Fórsa um Chaomhnú na Síochána, nó an PPF, Peace Preservation Force. Chuirfí an fórsa póilíní seo amach go dtí áiteacha ar fud na tíre ina mbeadh trioblóid nó a mbeifí ag súil le trioblóid. De thairbhe gur eisean a chuir ar bun iad tugadh 'Peelers' orthu ag tús ama.

Ansin sa bhliain 1822 cuireadh fórsa póilíní ar bun d'achan chúige faoin Acht Constáblachta. Tugadh Constáblacht Contae orthu seo agus bhí na príomh stáisiúin acu in Ard Mhacha i gCúige Uladh, an Daingean (Ua Fáile) i gCúige Laighean, Baile an Róba (Maigh Eo) i gCúige Chonnacht agus Baile an Chollaigh (Corcaigh) i gCúige Mumhan.

Athraíodh an córas seo ar fad le hAcht Chonstáblachta na hÉireann sa bhliain 1836 nuair a rinneadh Constáblacht na gCeithre Chúige a lárnú faoi riail Ard-Chigire i mBaile Átha Cliath agus tugadh Constáblacht na hÉireann orthu as sin amach. Tuairim is 5,000 póilín a bhí san fhórsa ag an am.


Culaith an R.I.C. thart fá 1880

Níor baineadh úsáid as an focal 'ríoga' (royal) go dtí an bhliain 1867 agus ba í an bhanríon Victoria a bhronn an teideal sin orthu de thairbhe chomh dílis is a d'fhan siad di agus iad ag cur Éirí-Amach na bhFíníní faoi chois. Ba Constáblacht Ríoga na hÉireann a tugadh orthu as seo amach nó an R.I.C. mar ab fhearr aithne orthu agus ba iad an chéad fhórsa póilíní in Impireacht na Breataine a bhain úsáid as an fhocal 'ríoga'.

Bhí cód smachta acu a bhí breá dian orthu. Ní raibh uaireanta oifigiúla oibre ar leith acu ná uaireanta ar leith le sos a ghlacadh ach oiread. Thiocfaí a rá go raibh siad i gcónaí ar dualgas. Ní raibh cead ag fear a bheith mar phóilín ina Chontae fhéin agus chaithfeadh seirbhís seacht mbliana a bheith curtha isteach aige sula dtabharfaí cead pósadh dó. Dhéanfadh oifigigh níos údarásaí ná é fhéin an bhean a bhí sé ar tí pósadh a seiceáil. Dá bpósfadh an póilín ansin chuirfí é fhéin agus a bhean chéile go Contae éigin nach raibh gaolta ar bith acu ann.

Bhí sé mar dhualgas ar an R.I.C fosta a dhul sa tóir agus súil a choinneáil ar dhaoine a mbeadh amhras orthu fúthu faoi dhéanamh poitín. Nuair a chuirtear san áireamh an méid oibre a bhí le déanamh acu is dócha nach raibh mórán ama acu a bheith ar shiúl fríd na cnoic agus na sléibhte ag iarraidh a bheith sa tóir ar lucht an phoitín. Caithfear a thuiscint nach raibh ach timpeall 5,000 póilín sa tír nuair a cuireadh ar bun iad agus sa Chontae s'againn fhéin bhí os cionn leathchéad paróiste. Ní raibh sa tseirbhís sa Chontae seo thart fán am sin ach 176 póilín. Ní fhágann sin ach triúr nó ceathrar d'achan pharóiste agus de shiúl na gcos a rinneadh an obair. Dar ndóigh tháinig méadú ar an líon póilíní de réir a chéile agus fán bhliain 1900 bhí an mhíle dhéag acu ann agus 1600 beairic ar fud na tíre.


Feadóg an R.I.C

## Déanamh Poitín.

De thairbhe nach raibh ar lucht déanta poitín aon dleacht (duty) a íoc mar go raibh siad ag déanamh a gcuid oibre faoi cheilt agus go mídhleathach cha raibh teacht isteach nó ioncam reatha (revenue) an Rialtais ó thionscal na driogaireachta (distilling) sa tír seo mar ba cheart do a bheith agus lena chois sin bhí an dream a bhí ag déanamh an uisce beatha go dleathach ag gearán go mbeadh ioncam s'acusan i bhfad níos airde dá n-éireodh leis an Rialtas deireadh a chur nó laghdú mór a dhéanamh ar thionscal an phoitín.
Is cosúil nach raibh an R.I.C éifeachtach go leor le súil a choinneáil ar lucht an phoitín. Cha raibh go leor acu ann le dhul i ngleic le ceanntracha iargúlta nach raibh iontu ach sléibhte agus portaigh agus leoga cuid mhaith den am bhí neart eolais acu faoi cad é a bhí ag dul ar aghaidh ach cha dtug siad amhail ar bith air mar go raibh a sáigh ann dófa an tsíocháin a choinneáil sna ceanntracha sin ina raibh siad in ainm is a bheith ag coinneáil an dlí iontu.

## Póilíní Máil. (Excise Police).

Ag tús an naoú céad déag ba ghnách le gníomhairí máil (excise agents) nó oifigigh máil a dhul amach fríd caoráin agus suas cnoic a chuardach áiteacha a mbeifí ag déanamh braiche (malt) nó ag déanamh poitín. Bhíodh an cuardach seo bunaithe ar eolas a bheadh faighte acu ó dhaoine a bheadh ag iarraidh eolas a sceitheadh ar a gcomharsana nó ar eolas ó spiairí a mbíodh airgead a íoc leo. Nuair a tharla a leithéid de chuardach théadh na hoifigigh máil isteach sa stáisiún míleata ba chóngaraí do na

háiteacha seo agus chuirfí complacht saighdiúirí leo. Ach i ndiaidh tamall de bhlianta mheas oifigigh sinsearacha san airm nach seo an cineál oibre a bhí fóirsteanach do shaighdiúirí, nach raibh oiliúint ar bith curtha orthu dá leithéid agus de thairbhe go raibh ócáidí ann ar loiteadh agus ar maraíodh daoine dúradh gur chuir seo isteach go mór ar smacht agus ar mheanma na saighdiúirí. Dhiúltaigh oifigigh míleata sa deireadh go mbainfí úsáid as a



*Déanamh Poitín*

gcuid saighdiúirí le tacaíocht a thabhairt do na hoifigigh máil. Ba ag an am seo a shocraigh oifigeach máil amháin cead a fháil ó na hÚdaráis grúpa fear dá chuid fhéin a armáil le cuidiú leis ina chuid oibre. Ba seo fir nach raibh traenáil de chineál ar bith acu i láimhseáil gunnaí ach a bhí sásta dhul sa tóir ar lucht an phoitín agus cúpla scilling a shaothrú. Lean oifigigh máil eile an sampla céanna agus ba seo an dóigh ar cuireadh tús le Póilíní Máil (Excise Police) nó Póilíní Ioncaim (Revenue Police) ag tús an naoú céad déag. Ní raibh ceangal ar bith idir na grúpaí éagsúla seo, d'oibrigh siad neamhspleách óna chéile. Ní raibh cód smachta ar bith ag an dream seo ach oiread agus ba mhinic a tharla racáin agus achrann go leor idir iad fhéin agus lucht an phoitín inár maraíodh agus inár gortaíodh daoine, eachtraí gránna a d'fhéadfaí a sheachaint le gráinnín céille. I ndiaidh tamaill, mar go raibh barraíocht oibre le déanamh acu fhéin, d'éirigh leis na hoifigigh máil fir eile a fháil lena n-áit a ghlacadh nuair a théadh siad sa tóir ar lucht an phoitín. Fuair na fir seo coimisiún ón Mhál agus tugadh an teideal Leifteanant dóibh. Bhí an chumhacht chéanna ag na Leifteanaint seo agus a bhí ag na hoifigigh máil.

## Colonel Brereton agus na Póilíní Máil.

Níor cuireadh an dream seo ar bhun oifigiúil go dtí an bhliain 1836 nuair a cuireadh saighdiúir anall as Sasana, Col. Brereton, le scrúdú ceart a dhéanamh orthu, fórsa éifeachtach a chur ar bun, oiliúint agus traenáil a chur ar fáil dóibh agus cód smachta a leagan síos. Thug Brereton cuairt thart ar an tír ar fad go bhfeicfeadh sé do fhéin cad é mar bhí na póilíní máil ag comhlíonadh a gcuid dualgaisí agus fosta go bhfaigheadh sé eolas ar na ceantracha ba mhó a raibh déanamh poitín ar siúl iontu.

Nuair a mheas sé go raibh sé réasúnta eolach ar an dóigh a raibh lucht an phoitín ag gníomhú agus go raibh eolas cruinn aige ar na hiarrachtaí a bhíothas a ndéanamh le hiad a chur faoi smacht chuaigh sé i mbun oibre. 'Sé an chéad rud a rinne Brereton ná go bhfuair sé réitithe de thrian den dream seo a bhí ag feidhmiú mar phóilíní máil. Mheas sé nach raibh smacht ar bith orthu, nár cuireadh oiliúint orthu agus nár tugadh treoir ar bith dóibh sa chineál oibre a bhí ar siúl acu. Bhí a gcuid éadach ina bhratóga agus drochbhail ar a gcuid gunnaí. Lena chois sin cha raibh muinín ná iontaoibh ar bith acu as a chéile agus cha raibh struchtúr údaráis acu a raibh éifeacht ar bith ag baint leis.

## Struchtúr úr faoi Chol. Brereton.

Bheartaigh Brereton na póilíní máil a roinn suas sa dóigh go raibh ceithre bheairic in achan Roinn (division). As na ceithre bheairic seo a bheadh in achan Roinn bheadh ceann acu ina Cheanncheathrú (headquarters) sa Roinn agus é mar aidhm agus mar fhreagracht ar an Cheanncheathrú clár oibre na Roinne sin a ullmhú agus a chinntiú go gcuirfí é i bhfeidhm. Fo-chigire a bhí i gceannas ar achan Roinn agus bhí cónaí airsean sa Cheanncheathrú. (Headquarters). Roghnaigh Brereton na Fo-Chigirí ón chuid ab fhearr de na Leifteanaint a bhí ag comhlíonadh a gcuid dualgais nuair a tháinig sé anall. Bhí na beairic faoi cheannas Leifteanant agus bhí sé de dhualgas ar an Leifteanant agus a chuid fear sa Cheanncheathrú a chinntiú gur chuir na Leifteanaint eile sna beairic eile sa Roinn cuid ordaithe agus clár-oibre an Fho-Chigire i bhfeidhm.

## Déanamh Poitín in Éirinn 1853.

Mhaígh Oifigeach Ioncaim Intíre, (Inland Revenue Officer) John Wood, sa bhliain 1853, nach raibh ach dhá pháirtí de na póilíní máil ó dheas ó líne ó Bhaile Átha Cliath go Luimneach, nach raibh feidhm ar bith leo, nach raibh poitín ar bith gur fiú trácht air a dhéanamh ó dheas ón Life ná ó dheas ón tSionainn. Ba iad na contaetha ba mhó do dhéanamh poitín a dúirt sé ná Doire, Tír Eoghain, Dún na nGall, Fear Manach, Sligeach, Gaillimh agus páirt de Cho. An Chláir agus dúirt Wood fosta nach raibh amhras ar bith air ná, as na contaetha sin ar fad, gur Dhún na nGall ba mheasa agus gurbh sin an chúis leis go raibh an tríú cuid de na póilíní máil ar fad a bhí sa tír ar dualgas i gCo. Dhún na nGall.

*Beidh tuilleadh faoi seo sa chéad eagrán eile.*

# Bua Stairiúil ag Cumann Gailf Ros na Binne

## Comórtas Páirtíochta Measctha Uile Éireann




Ba mhór an bhliain a bhí ag Séamas Mac Aonghusa agus laochra Thír Chonaill i mbliana agus Sam Mac Uidhir go sábháilte faoina n-ascaill acu i measc sléibhte Dhún na nGall. Ach níorbh iad an t-aon dream a bhain clú agus cáil amach dófa fhéin ar fud na hÉireann, mar tá dream as an pharóiste seo, agus is baill de Chumann Gailf Ros na Binne iad, a bhfuil éacht déanta acu chomh maith. Bhí cath ollmhór ar mhínleach Chluain Tarbh, Aoine an Chéasta, 1014 nuair a chuir Brian Boróimhe an ruaig ar na Lochlannaigh ach níor lú an choimhlint a tharla i gCluain Tarbh ar an seachtú lá de Mheán Fómhair 2012 nuair a bhain fir agus mná Ros na Binne, **Comórtas Páirtíochta Measctha Uile Éireann** (Mixed Foursomes), áit a bhfuair siad an bhuaidh ar Chumann Gailf Droim Ólainn as Co. an Chláir, leis an scór 3.5 in aghaidh 1.5. Comhghairdeas leis an fhoireann iontach a bhain an comórtas suntasach seo don chéad uair riamh i stair Chlub Ros na Binne a bunaíodh sa bhliain 1895.

Ba iad Con Ó Buaigh agus Suzanne Ui Ghallchóir, Pádraig Ó Buaigh agus Kit Uí Bhuaigh, Proinsias Ó Cathasaigh agus Terri Mhic Ghiolla Bhríde, Enda Ó Cinnéide agus Dympna Uí Cheallaigh, Marty Mac Diarmada agus Orla Uí Lionnaith na himreoirí a ghnóthaigh onóir dófa féin, dona gceantar agus dona gclub agus tréaslaíonn muid leo ó chroí.

Thosaigh **Comórtas Páirtíochta Measctha Uile Éireann** sa bhliain 1972 mar chomórtas idir chumainn gailf Chúige Chonnachta agus Laighin agus tá sé urraithe ag Bórd Fáilte na Spáinne. Tháinig fás agus forbairt air ó shin agus d'éirigh sé chomh mór sin gur chomórtas náisiúnta atá ann anois, le níos mó ná 325 club ag glacadh páirt ann achan bhliain. Bíonn dháréag fear agus an dáréag ban ar gach painéal agus iad san iomaíocht le háit a fháil ar an fhoireann de dheichniúir. Ciallaíonn seo go bhfuil chóir a bheith 8,000 duine páirteach sa chomórtas seo.

Dálta Chraobh Peile na hÉireann, bhain siad Craobh Uladh ar a mbealach chuig an Chluiche Ceannais nuair a bhuail siad Cumann Gailf Chaisleán Mhannain, Charraig Mhachaire Róis, Co. Mhuineacháin. Ansin, bhuail siad Cumann Gailf Ráth Fearnáin sa chluiche leath-cheannais i gCluain Tarbh, os comhair slua díograiseach dá lucht tacaíochta féin ó Bhaile Átha Cliath. Nuair a chuimhnítear gur bhain siad Craobh Uladh agus Craobh Uile Éireann, an cluiche leath-cheannais san áireamh, taobh istigh de sheachtain, is léir gur gníomh gaiscíochta atá déanta acu.

Chan iontas ar bith go raibh áthas thar cuimse ar an dá chaptaen, Bernadette North agus Peadar Mac Gabhann. Ba mhaith leo a mbuíochas a ghabháil leis na himreoirí agus an lucht tacaíochta go léir a chuidigh, ar bhealach ar bith, leis an duais shuntasach seo a thabhairt abhaile go Ros na Binne ar imeall Chuan na Long.

# Féile Chéim Aniar 2012

Ghlac os cionn céad páiste páirt i bFhéile Chéim Aniar a bhí ar siúl i mbliana ar an Satharn, 1 Nollaig in Áras Ros Goill, Na Dúnaibh. Bhí dhá chomórtas ann, Comórtas Aithris Filíochta agus Comórtas Agallamh Beirte. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na moltóirí, Finola Harte agus Frances Nic Géadaigh, le Meitheal Mhíobhaigh as an fhoirgneamh a chur ar fáil dúinn agus leis na tuismitheoirí a chuir sólaistí galánta ar fáil agus a chuidigh linn ar an lá. Seo thíos na buaiteoirí sna rannóga éagsúla:

## Comórtas Aithris Filíochta



*Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra*

Máire Ní Chanainn, Scoil Chill Mhic nÉanáin (An chéad áit - Corn Leaslaoi U. Lucas), Gavin Mac Giolla Bhríde, Scoil Cholmcille, Duibhlinn Riabhach (An dara háit), Róisín Nic Cionnaith, Scoil Chill Mhic nÉanáin agus Éamonn Ó Buaidhe, Céim Aniar (An tríú háit roinnte).



*Rang 1 & 2*

Aoibhinn Ní Chonaill, Céim Aniar (An chéad áit - Corn na Comhairle Contae), Tomás Ó Canainn, Scoil Chill Mhic nÉanáin (An dara háit), Lóirín Scott, Scoil Chill Mhic nÉanáin agus Aobhá Pasoma, Céim Aniar (An tríú háit roinnte).



*Rang 3 & 4*

Cathair Ó Raghallaigh, Scoil Mhuire, An Craoslach (An Chéad áit - Corn Raidió na Gaeltachta), Ella Ní Ghloinn, Scoil Chill Mhic nÉanáin (An dara háit), Aobha Ní Ghallachóir, Céim Aniar agus Eibhlín Ní Shiail, Scoil Mhuire, Caiseal (An tríú háit roinnte).



*Rang 5 & 6*

Rónán Ó Gallachóir, Céim Aniar (An chéad áit - Corn Céim Aniar), Erin Nic Lochlainn, Scoil Cholmcille, Duibhlinn Riabhach (An dara háit), Marcas Mac Giolla Bhríde, Céim Aniar agus Pádraig Mac Fhinneachta, Céim Aniar (An tríú háit roinnte).

# Comórtas Aithris Filíochta



*Meánscoil*
Laura Pasoma, Céim Aniar (An chéad áit - Corn Údarás na Gaeltachta), Clíona Ní Ghallachóir, Pobalscoil Ghaoth Dobhair (An dara háit) agus Hannah Ní Chanainn Uí Chathain, Céim Aniar (An tríú háit).



*Duais Speisialta don Iomaitheoir Áitiúil is fearr*
Rónán Ó Gallachóir, Céim Aniar (Corn Ghuth Ghoill).



## Comórtas Agallamh Beirte
### *Rang 3 & 4*

Cathaoirín Ní Shibhleáin & Sophie Ní Chonchúir, Céim Aniar (An Chéad áit), Aobha Ní Ghallachóir & Seaghan Ó Colla, Céim Aniar (An dara háit) agus Ciara Nic Giolla Bháin agus Emma Ní Fhríl, Scoil Mhuire, Caiseal, Fánaid (An tríú háit).

## Comórtas Agallamh Beirte
### *Rang 5 & 6*

Mícheál Pasoma agus Rónán Ó Gallachóir, Céim Aniar (An Chéad áit), Cathair Ó Raghallaigh agus Raonaid Ní Dhúbhláin, Scoil Mhuire, An Craoslach (An dara háit) agus Síle Ní Threartaigh agus Helen Ní Chanainn, Céim Aniar (An tríú háit).



# Cinderella i gColáiste Ros Goill

Chuir déagóirí Chéim Aniar an gheamaireacht Cinderella ar an ardán i gColáiste Ros Goill tráthnóna Dé hAoine, an 14 Nollag. Bhí an taispeántas seo ar fheabhas agus tá moladh mór tuilte ag na fir óga agus na mná óga seo. Bhí ard-chaighdeán Gaeilge agus aisteoireachta le feiceáil agus bhain an lucht féachana sult mhór as an oíche.



*Hannah Ní Chanainn, Pádraig Mac Fhinneachta agus Mícheál Ó Cathasaigh*



*Hannah Ní Chanainn, Mícheál Ó Coileáin, Brónach Ní Ghallchóir agus Míobhobha Nic Fhinneachta*



*Mícheál Ó Cathasaigh, Laura Pasoma agus Míobha Nic Fhinneachta*



*Mícheál Ó Coileáin, Ruaidhrí Mac Conaglaigh, Ailín Pasoma, Conchúr Mac Giolla Bhríde agus Conchúr Ó Cathasaigh*



Laura Pasoma, Míobha Nic Fhinneachta agus Rebecca Nic Nuadht



*Ellie Ní Choileáin, Helen Ní Chanainn, Caitlín Nic Íomhair, Micheál Pasoma ,Pádraig Mac Fhineachta, Lóirín Nic Giolla Bhríde agus Síle Ní Threartaigh.*



Hannah Ní Chanainn agus Mícheal Ó Cathasaigh



Rinneadh cúpla ceardlann ceardaíochta a reáchtáil ar na mallaibh – Rinne Peigi Ryder ceardlann le girseacha as rang 5 agus rang 6 agus seo iad thuas leis na fleasca Nollag galánta a rinne siad. Thíos tá cúpla pictiúr a glacadh nuair a rinne Miséal Ní Dhochartaigh ceardlann le daltaí meánscoile. Thaispeáin sí dóibh an dóigh le feilt a dhéanamh amach as olann agus nuair a bhí sin déanta acu rinne siad bláthanna deasa amach as an feilt ansin.









# Feadaímó

Tá Feadaímó agus Micí i bhfolach i gcoill sa tuaisceart. Tá Feadaímó ina chodladh agus tá Micí ar fhaire na hoíche. Tá saighdiúirí an Rí agus feirmeoirí an Lagáin sa tóir orthu. Mhúscail Feadaímó agus shuigh sé ag amharc thart. Bhí sé dorcha istigh faoi na crainn ach bhí bánú an lae le feiceáil fríd na duilleoga. Cha raibh a fhios aige cá raibh sé ar feadh tamaill. “Tchím go bhfuil fear Thír Chonaill ar ais linn,” arsa Micí. “In ainm Dé, a Mhicí, lig tú domh codladh i rith na hoíche,” arsa Feadaímó, agus é ag éirí. “C’fhad is atá sé ó fuair tusa oíche chodlata, a ghasúir,” arsa Micí. “Seo chugat, sin deireadh na feola saillte agus níl ach leathdhosaen de na brioscaí crua fágtha. Tá an t-ádh orainn go bhfuil na beithigh againn mar cha shílim go siúilfeas muid fhéin mórán gan an cothú ceart.”

“Nach bhfuil sé greannmhar”, arsa Feadaímó agus é ag dul sa diallait ar chapall, “Cha raibh mé ariamh chomh saibhir nó ariamh chomh ocrach.” Thosaigh Micí ag gáire. “Rud amháin fán chabhlach, olc is eile is a bhí sé, char mhothaigh mé ocras ann in am ar bith.” Tháinig siad amach as an choill le bogshodar, Feadaímó chun tosaigh agus Micí ar cúl agus greim sriain aige ar an tríú capall. Chuaigh siad ó dheas i dtreo aibhneacha agus locha Fhear Manach. Choinnigh siad ar shiúl ón phríomh bhóthar ach chuir sin moill mhór ar a ndul chun cinn. Thart fán mheánlae chonaic siad bothán bocht ina shuí faoi bhinn in aice le heas beag. Cheangal siad na capaill ar chrann istigh sa choill agus shleamhnaigh siad chun tosaigh le súil a chaitheamh ar an áit. Lá álainn grianmhar a bhí ann agus cha raibh smid gaoithe ar bith ann. Bhí cuma dheas shuaimhneach ar an bhothán agus an toit ón simléir ag dul suas díreach san aer. Bhí cearca ag piocadh thart fán doras tosaigh agus bhí lachain sa loch bheag ag bun an easa. Os comhair an tí bhí seanmhadadh caorach ina luí faoi scáth ag an chruach mhóna. Anois is arís thógfadh sé a cheann le hamharc ar na cearca ach bhí an chuma air nach raibh mórán beochta ann. Cha raibh bóthar nó cosán ag teacht nó ag imeacht ón bhothán.

Chuaigh Feadaímó píosa eile chun tosaigh agus chonaic sé bó agus gamhain ina luí cóngarach don loch i gcuibhreann beag ina raibh cruach fhéir ina sheasamh. Thíos ag bun an chuibhrinn chéanna bhí cúig chaora agus sé uan le feiceáil. Ar an taobh eile den loch bheag suite idir an bhinn agus sruthán bhí gairdín ina raibh prátaí ag fás. Tháinig muc agus ceithre arcán amach as an fhéir fhada le taobh an locha agus shiúil siad díreach isteach sa bhothán. Thóg Feadaímó a lámh agus tháinig Micí chuige. “Níl mórán cuma ar an bhothán,” a dúirt sé, “ach níl ganntanas fán áit ach oiread.” “Níl a fhios agam cén cineál daoine a bheadh ina gcónaí in áit mar seo,” arsa Micí. “Tá muid i lár an Lagáin agus is feirmeacha móra uilig atá sa cheantar seo.” “Bhail, arsa Feadaímó, chan feirm mhór í seo. Is screabán den chuid is mó atá ann agus chan fheicimse tithe ar bith eile thart.” Le sin tháinig fear amach as an teach agus cliabh ar iompar aige agus é ag tiomáint an mhuc agus a hál roimhe. Rith na muca i dreo an tsrutháin ag scaipeadh na gcearc go callánach. Chuaigh an fear a fhad leis an chruach mhóna. D’éirigh an madadh agus choimhéad sé an obair a fhad is a bhí an fear ag líonadh an chléibh. “Sílim go gcaithfidh muid iarracht a dhéanamh bia a fháil anseo,” arsa Feadaímó. “Beidh sé níos sábháilte ná na tithe móra.” “Aontaím leat,” arsa Micí, “ach rachaidh mise isteach liom fhéin ar dtús go bhfeicfidh mé. Tá sé róchiúin i mo thuairimse. Siúlfaidh mé ó seo mar sílim go mbeidh sé níos fearr na capaill a choinneáil i bhfolach. Fan thusa anseo agus coinnigh súil orm.” “Glac d’am bomaite,” arsa Feadaímó. “Má tá contúirt ar bith ann, b’fhearr liomsa é a láimhseáil.” Thóg sé a mhála beag óir as a phóca agus thug sé é do Mhicí. Seo chugat, na caill sin mar gur sin luach an bháid go Meiriceá don bheirt againn.” Bhí iontas ar Mhicí. “Chan rud é go bhfuil aithne rómhaith agat ormsa, a Fheadaímó. An bhfuil tú…” “Tá do sháith ráite agat,” arsa Feadaímó ag briseadh isteach air. “Sheas tú liom ó d’fhág muid na boic eile ar an bhruach agus is leor sin domhsa. Anois má tá deacracht ar bith agam thíos ansin tar thusa isteach leis na capaill chomh tiubh géar is a thig leat.” Chuir Feadaímó piostal ina phóca agus d’imigh sé.

Cha raibh ach cúpla slat siúlta aige nuair a thosaigh an madadh ag tafann. Chuir an fear a lámh ar an mhadadh agus shocraigh sé. Tháinig bean amach as an teach agus d’amharc sí ar Fheadaímó. Dúirt an fear rud inteacht léi ach cha raibh Feadaímó ábalta é a dhéanamh amach. Chuaigh sí isteach go dtí an teach arís agus tháinig sí amach le spád agus thug sí é don fhear. “Cad é mar ata sibh,” arsa Feadaímó sular smaoitigh sé. Más Gaill a bhí iontu chan rófháilteach a bheadh siad anois. “Níl caill ar bith orainne,” arsa an fear, agus bhí lúcháir ar Fheadaímó.

Ta cuma ort go bhfuil turas fada déanta agat, a ghasúir. “Thiocfadh leat sin a rá, arsa Feadaímó. “Ach sé’n rud is measa fán turas seo ná an ganntanas bia.” “Cha dtagann mórán daoine an bealach seo,” arsa an bhean. “Tá tú píosa maith ón ghnáth bhealach cé acu ó thuaidh nó ó dheas do threo.” “Ghlac go socair é, a Mháire,” arsa an fear. “Chan a dhath dár ngnoithese é cén treo ina bhfuil sé ag dul.” Chuir an fear an spád in aice na cruaiche agus shín se amach a lámh chuig Feadaímó. “Tá fáilte romhat, a strainséir, gheobhaidh tú do scíste agus do sháigh le hithe anseo. Cibé cad é na hualaí atá orm fhéin is ar Mháire



anseo, chan ocras ceann acu." D'amharc Feadaímó ar Mhaire agus chonaic sé go raibh miongháire ar a haghaidh. "Má tá Eoin sásta leat tá mise sásta," a dúirt sí. "Seo, goitse isteach."

Bhuail an smaoiteamh Feadaímó go raibh air cothrom na féinne a thabhairt don lánúin seo. "Sula dtéim áit ar bith," a dúirt sé, "Is Feadaímó atá ormsa agus caithfidh me an méid seo a insint daoibh. Níl mé liom fhéin, tá beirt againn ann, agus tá na hÚdaráis sa tóir orainn." Thosaigh Eoin ag gáire agus ansin thosaigh Maire fosta. "Ó, a Dhia, a ghasúir, bhí a fhios againn an méid sin chomh luath is a chonaic muid thú. Cha bheadh duine ar bith ag teacht an bealach seo ach amháin go raibh siad ag coinneáil i bhfolach ó na hÚdaráis." Thiontaigh Feadaímó agus d'amharc sé suas ar an ardán. Thóg sé a lámh in airde agus sheas Micí agus rinne sé amhlaidh sula deachaigh sé as radharc. "Tá capaill linn," arsa Feadaímó, beidh Micí anseo gan mhoill." "Beidh fáilte roimhe, arsa Eoin, agus shiúl sé fhéin agus Máire i dtreo an bhotháin. Lig Feadaímó scairt as. "Nach bhfuil sibh ag iarraidh fáil amach cad chuige a bhfuil muid ag teitheadh?" "Níl," arsa Eoin, is Gaeil ata ionaibh agus is leor sin dúinne." Lean Feadaímó iad isteach.

Cha raibh ach fuinneog bheag amháin sa bhalla agus bhí se dorcha go leor istigh cé go raibh lá grianmhar amuigh. Bhí tine mhóna lasta sa teallach agus bhí cúpla stól in aice leis. Sheas Feadaímó áit a raibh tábla gharbh agus dhá chathaoir faoin fhuinneog. Mothaigh sé boladh bóithigh fán áit agus bhí se soiléir gur istigh anseo a thiocfadh an bhó agus a gamhain san oíche. Bhí leaba chocháin sa choirnéal agus bhí cearc ghoir ina suí i mbosca ag bun a' tseomra. "Seo suí," arsa Eoin, "agus déanfaidh Máire rud inteacht daoibh le hithe." Chuala siad an madadh ag tafann agus chuaigh Eoin agus Feadaímó amach. Léim Micí anuas, agus cheangal sé na capaill ar gheafta an chuibhrinn. "Is é seo Micí, arsa Feadaímó. "Tá fáilte romhat, a Mhicí," arsa Eoin, "tar isteach is lig do scíth."

Chuir Máire pota mór prátaí agus babhla d'uibheacha bruite ar an tábla. Bhí se mar a bheadh féasta ag an bheirt a bhí lag leis an ocras. Shuigh Micí agus Máire ag an tine a fhad is a bhí siad ag ithe agus bhí an comhrá idir an cheathrar ag dul anonn is anall. Fuair Feadaímó amach gur tógadh athair agus seanathair Eoin sa bhothán agus gur lig an Tiarna Talún don teaghlach a bheith ina chónaí sa choirnéal seo siocair chomh bocht is a bhí an talamh. Bhí beirt iníonacha agus gasúr acu agus bhí an triúr ar fostú sa Lagan. "A fhad is a choinníonn mé fhéin agus Máire amach as an chosán agus go ndíolann muid an cíos cha bhacann duine ar bith linn," arsa Eoin. "Is fearr dúinne a bheith ar shiúl sula bhfeiceann duine ar bith anseo muid," arsa Feadaímó. "Arú fanaigí an oíche," arsa Eoin, "déanfaidh an scíste maith daoibh." "Cha dtuigeann tú an chontúirt," arsa Feadaímó, "tá saighdiúirí agus feirmeoirí sa tóir orainn agus má thagann siad orainn anseo? Bhail, tá a fhios agaibh fhéin, cha bheadh trócaire ar bith acu daoibh. Fágfaidh muid agus tá a fhios agaibh fhéin gur sin mar is fearr é." Cha ghlacadh Eoin airgead ar bith ó Fheadaímó nuair a rinne sé iarracht bonn óir a thabhairt dó. "Ná bí amaideach," a dúirt sé. Cheannódh sin lóistín míosa duit i gcathair ar bith. Cibé ar bith níl áit ar bith thart anseo le hairgead a chaitheamh. Tá achan rud atá a dhíobháil orainne béal dorais againn." Bhí an bheirt ina suí ar na capaill, iad réidh le himeacht nuair a tháinig Máire amach le mála prátaí chucu. "Beidh siad fuar ach coinneoidh siad an fear gortach ar shiúl uaibh tamall eile," a dúirt sí.

"Nach bhfuil sé iontach," arsa Micí agus iad ar an bhealach, "an cineál daoine a dtagann tú trasna orthu i do shaol. Tá an bheirt sin go sona sásta leis an méid atá acu agus tá daoine eile nach mbeidh choíche sásta is cuma cad é atá acu." "An mbeifeá thusa sásta a bheith do chónaí i mbothán mar sin don chuid eile de do shaol," arsa Feadaímó. "Cha bheinn" arsa Micí. "Ná mise ach oiread," arsa Feadaímó.

Dhá lá ina dhiaidh sin chonaic siad locha Fhear Manach rompu. "Más féidir linn fáil isteach ina measc," arsa Micí, níl dóigh ar bith a bhfaighidh na saighdiúirí greim orainn." Bhí siad ar bharr ardáin agus radharc maith acu ar an cheantar thíos fúthu. Bhí abhainn ag reáchtáil isteach i loch mór ó dheas uathu. Ar bhruacha an locha bhí coillte móra go fairsing ag spréadh amach comh fada ó dheas is a thiocfadh leo feiceáil. Anseo is ansiúd ar an bhruach bhí teach beag sáite i measc na gcrann, ach, ina hiomlán, cha raibh mórán tithe le feiceáil. "Tá an talamh sin idir muid fhéin is an abhainn sin breá foscailte," arsa Feadaímó, "agus sílim gur bhfearr dúinn scíste a thabhairt do na capaill. Fanfaidh muid anseo go dtitfidh an oíche." "Beidh sé deacair an abhainn sin a thrasnú sa dorchadas," arsa Micí. Shuigh Feadaímó agus é ag amharc síos. "Is cuma liom," a dúirt sé. "Má tá muid ábalta fáil isteach sna coillte sin gan duine ar bith muid a fheiceáil, beidh muid caillte ar fad do na saighdiúirí. Cha bhíonn siad ag súil gur ó dheas a chuaigh muid agus cha dtig linn sin a mhilleadh anois." Cheangal siad na capaill agus luigh siad ar an talamh ag fanacht ar an oíche.

*Beidh tuilleadh sa chéad eagrán eile.*

## Gairdín Eco do Scoil Naomh Bríd



Sa ghrianghraif ar dheis, a glacadh ag oscailt oifigiúil an Ghairdín Eco ag Scoil Naomh Bríd, tá Paidí Ó Gallachóir a bhain duais de ghairdín don scoil gur fiú €10,000 é, i gcomórtas ealaíne "Little Litterbugs" a bhí a reáchtáil ag Viking do Scoileanna. Sa phictiúr leis tá Michael Walby, Stiúrthóir le Viking, Helena Uí Ghallachóir, máthair Phaidí agus Bríd Ní Bheirn, Príomhoide na scoile.



*Paidí lena dhá mháthair mhór agus cóip den phictiúr a bhain an duais dó.*





## Naíonra Dhuibhlinn Riabhach



Ar chlé tá paistí beaga i Naíonra Dhuibhlinn Riabhach a chuir dráma beag faoi bhreith Chríost i láthair sa Naíonra dá gcairde agus dá dtuismitheoirí ar 20 Nollaig.

# Naíonra na nDúnaibh



Seo thuas Daidí na Nollag le páistí Naíonra na nDúnaibh nuair a tháinig sé ar cuairt ar an 18ú Nollaig agus mála mór bronntanas leis. Ar dheis tá Daidí na Nollag arís le stiúrthóirí an Naíonra, Máire Ní Shibhleáin agus Mairéad Mhic Conaglaigh.

Bhí crannchur sa Naíonra an lá céanna agus seo thíos na buaiteoirí: An Chéad duais - Sarah Bonnar, An Dara Duais - Damien Ó Conaill agus an Tríú Duais - Mícheál Mac Eiteagáin.



An Chéad Duais



An Dara Duais



An Tríú Duais



An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com

Urraithe ag
Foras na Gaeilge
Údarás na Gaeltachta